

Polasaí Um Úsáide Inghlactha

Scoil Oilibhéir Pluincéid Naofa,

Rann na Feirsde

Is é aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha a chinntiú go bhfaighidh daltaí buntáistí as na deiseanna foghlama as acmhainní Idirlín na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Féachtar ar úsáid agus rochtain idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile. Mura gcomhlíontar polasaí PUI na scoile mar sin tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar smachtbhannaí cuí-mar atá leagtha amach sa PUI.

Tá sé ceapaithe go ndéanfaidh ionadaithe ón bhfoireann agus tuismitheoirí athbhreithniú gach bliain ar an PUI.

Straitéis na Scoile

Bainfidh an scoil leas as roinnt straitéisí chun cur chomh mór agus is féidir le deiseanna foghlama agus le rioscaí a bhaineann leis an idirlíon a laghdú. Is iad na straitéisí na cinn seo a leanas:

Ginearálta:

- Beidh feitheoireacht déanta ag múinteoir i gcónaí ar na seisiún idirlín.
- Beidh bogearraí scagtha in úsáid chun riosca a bhaineann do nochtadh d'ábhar míchuí a laghdú.
- Déantar monatóireacht go rialta ar úsáid idirlín na ndaltaí.
- Tugtar traenáil do na múinteoirí agus na páistí ar slándáil na h-idirlíon.
- Ní cheadófar bogearraí neamhúdraithe a uaslódáil ná a íoslódáil.
- Úsáidtear bogearraí frithvíreas agus déantar nuashonrú air go minic.
- Ní mór cead múinteora a fháil chun dioscaí flapacha nó dlúthdhioscaí pearsanta a úsáid.

- Glacfaidh na daltaí le hiompraíocht chuí ar an idirlín i gcónaí agus ní dhéanfaidh siad aon ní a tharraingeodh míchlú ar an scoil.
- Beidh srian curtha air rochtain na múinteoirí chuig eolas áirithe.
- Beidh próifíl úsáide ann do na múinteoirí ionas nach bhfuil aon sonraí scoile á scaoileadh chuig an idirlín nó an pobal.
- Beidh sráin curtha ar úsáid eochair cuimhne leis na ríomhairí de bharr na bagairtí a thugann siad leo.
- Beidh pasfhocal ag na múinteoirí chun na ríomhairí a rochtú.

An Gréasán Domhanda

- Ní rachaidh na scoláirí chuig suíomhanna idirlín ina bhfuil ábhar gáirsiúil, mídhleathach, gráiniúil nó gránna ar aon bhealach.
- Bainfidh na scoláirí úsáid oideachasúil as an idirlíon agus é sin amháin.
- Gheobhaidh na scoláirí eolas ar chúinsí cóipchirt a bhaineann le foghlaim ar line.
- Ní nochtóidh agus ní scaipfidh na scoláirí aon eolas pearsanta choíche.
- Tuigfidh na scoláirí gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar aon úsáid, ar a n-áirítear eolas a dháileadh nó a fháil, bíodh sin ag baint leis an scoil nó pearsanta, i dtaca le gníomhaíocht neamhghnách, le slándáil agus/nó le cúinsí bainistíocht líonra.
- Tuigeann na múinteoirí comh maith gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid idirlíne i rith am scoile.

Ríomhphost

- Beidh ríomhphost ranga ag an dalta le n-úsáid ach beidh sé úsáidte faoi feitheoireacht an múinteoir.
- Ní ghlacadh nó seolfadh aon dalta aon ábhar atá mí-dhleathach, gáirsiúil, aithiseach nó ag cur isteach ar éinne nó atá bagartha d'éinne.

- Ní nochtóidh na scoláirí eolas pearsanta fúthu féin ná faoi dhuine eile, ar nós seoltaí, uimhreacha teileafón nó pictiúir.
- Ní shocróidh na scoláirí cruinniú pearsanta choíche le haon duine nach bhfuil ar aithne acu ach trí ríomhphost nó ar an idirlíon.
- Tugadh na scoláirí faoi deara nach ceadmhach do na scoláirí iatáin a sheoladh ná a fháil gan cead óna múinteoir.

Comhrá idirlíne

- Ní ceadmhach do na scoláirí dul chuig seomraí comhrá, fóraim dhíospóireachta ná aon fhóraim leictreonacha caidrimh eile nach bhfuil cinntithe ag an scoil.
- Ní ceadmhach seomraí comhrá, fóraim dhíospóireacht nó aon fhóraim leictreonacha caidrimh eile a úsáid ach do chúinsí oideachasúla amháin agus déanfar feitheoireacht leanúnach orthu sin.
- Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideora ar mhaithe le rúndacht.
- Beidh cosc ar aon chruinniú duine le duine a eagrófar trí chomhrá idirlín.
- Déanfar monatóireacht ar úsáid idirlíne na múinteoirí agus an bhfuil siad ag úsáid láithreáin sóisialta i rith am scoile.

Láithreán Gréasáin na Scoile

- Beidh seans ag páistí a obair a chur ar an suíomh, ar nós ealaín nó obair scoile a théann i ngleic le polasaí na scoile agus na aidhmeanna a comhlíonadh.
- Déantar seic ar an suíomh go minic ionas nach bhfuil aon eolas a gcuireann slándála na páistí agus an bhfoireann i gcontúirt.
- Déantar seic ar an clár-fógra go minic le féachaint an bhfuil aon eolas pearsanta ann.
- Obair na bpáistí a cuirtear ar líne déanfaidh an múinteoir comhordanáid air.
- Déantar foilsiú ar obair na páistí i gcomhthéacs oideachasúil ar leathanaigh le fógra cóipcheart ionas nach féidir cóip a dhéanamh ar aon obair seachas ceadúnas i scríobhainn.

- Déanfaidh an scoil a ndícheall grianghrafanna agus clibeanna atá bunaithe ar obair grúpaí a foilsiú. Ní dhéantar foilsiú ar obair an pháiste amháin seachas ceadúnas a fháil ó tuismitheoirí/caomhnóirí. Is féidir le clibeanna a bheith cosanta le pasfhocal.
- Ní mbeidh eolas pearsanta an páiste ar nós seoladh agus sonraí teagmhála ar suíomh na scoile.
- Ní dhéanfaidh an scoil foilsiú ar céad ainm agus dara ainm an páiste.
- Beidh úinéireacht cóipcheart ag na páistí ar a n-obair féin atá foilsithe.

Reachtaíocht

Tabharfaidh an scoil eolas faoin reachtaíocht seo a leanas i dtaca le húsáid an Idirlín agus ba chóir do mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí an t-eolas sin a fhoghlaim:

- **An tAcht um Chosaint Sonraí (Leaú) 2003**
- **An tAcht um Gháinneáil a Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998**
- **An tAcht Ceaptha 1993**
- **An tAcht um Fhístaiifeadtaí, 1989**
- **An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988**

Struchtúir Thacaíochta

Tabharfaidh an scoil eolas do scoláirí agus do thuismitheoirí faoi na príomh struchtúir tacaíochta agus an heagraíochtaí a dhéileálann le hábhar mídhleathach nó le drochúsáid Idirlín.

Pionóis

Má bhaintear mí-úsáid as an Idirlíon d'fhéadfaí pionós a ghearradh, ar a n-áirítear foláireamh scríofa, deireadh le pribhléidí rochtanna agus, i gcásanna foircneacha, fionraíocht nó díbirt. Ina theannta sin, tá sé de chead ag an scoil aon ghníomhachtaí mídhleathach a thuairisciú do na húdaráis chúí.¹

Tá an polasaí seo bunaithe ar treoir ón NCTE.

